

Leabhar Rút

Tugtar Rút ar an leabhar so ó ainm an té go n-ístear a scéal ann. Gínteach ab ea í, agus do ghlac sí an creideamh firinneach agus do phós sí Boos, sean-seanathair Dháivid, agus dá bhri sin, aon ab ea í de sna daoinibh ónar shíolraigh Críost, de réir na feóla, agus bean oirirc ab ea í san eaglais Ghínteach*. Meastar gurb é Samuel, an fáidh, do scríbh an leabhar so.

Caib. a hAon

Imíonn Elimelech Bhetlehem, agus a bhean, Nóemí agus a bheirt mhac, isteach i dtír Mhoab agus faigheann sé bás ann. Pósaid an bheirt mhac beirt de mhnáibh na tíre sin, agus faighid siad araon bás gan chlann. Tagann Nóemí abhaile, í féin agus Rút, bean mic léi, ná fanfadh 'na diaidh.*

1 In aimsir dhuine de sna breithiúnaibh, nuair a bhí na breithiúin i réim, tháinig gorta sa tír. Agus d'imigh fear áirithe de mhuintir Bhetlehem Iúda, mar aon lena mhnaoi agus lena bheirt mhac, chun tréimhse ' chaitheamh i dtír Mhoab. 2 Elimelech ab ainm do agus Nóemí ab ainm dá mhnaoi, agus Mahalon ab ainm do dhuine dá mhacaibh agus Chelion ab ainm don mhac eile, agus Ephratítigh ab ea iad, ó Bhetlehem Iúda, agus chuarar isteach i dtír Mhoab agus chómhnaíodar ann.

3 Agus fuair Elimelech, fear Nóemí, bás; agus d'fhan sise i dteannta a mac. 4 Agus phósadarsan mná de mhuintir Mhoab, agus Orpha ab ainm do dhuine de sna mnáibh sin agus Rút ab ainm don mhnaoi eile. Agus chómhnaíodar san áit ar feadh deich mbliain. 5 Ansan fuaradar araon bás, eadhon, Mahalon agus Chelion, agus do fágadh an bhean 'na haonar nuair a cailleadh a fear agus a beirt mhac. 6 Agus d'éirigh sí chun dul ó thír Mhoab go dtí a tír féin, í féin agus beirt bhan a mac, mar d'airigh sí go raibh an Tiarna tar éis féachaint ar a dhaoine agus tar éis bídh a thabhairt dóibh. 7 Dá bhri sin do ghluais sí amach a tír a sealaíochta, í féin agus beirt bhan a mac, agus nuair a bhí sí ar an slí ag teacht thar n-ais go dtí tír Iúda, 8 duairt sí leo: Téidhse abhaile ag triall ar úr máithreachaibh agus go taispeánaidh an Tiarna trócaire dhóibh mar atá taispeánta agaibhse dhómhsa agus do sna mairbh, 9 agus go dtugaidh sé dhíbh suaimhneas d'fháil i dtithibh na bhfear a phósfaidh sibh. Ansan do phóg sí iad. Ansan do chromadar ar ghol go hárd, 10 agus: Raighimid leatsa ag triall ar do dhaoine, adeiridís. 11 Ach duairt sí leo: Téidh thar n-ais, a chlann ó. Cad 'na thaobh go dtiocfadh sibh liomsa? An bhfuil a thuilleadh mac im broinn agam, go mbeadh sibh ag brath ar fhearaibh ' fháil uaim? 12 Téidh thar n-ais arís, a chlann ó, agus imidh uaim. Táimse anois caite le haois agus neamhoiriúnach chun pósta. Agus dá ngabhainn gein anocht agus go mbéarfainn clann 13 agus go bhfanfadh sibh go dtí go mbeidís éirithe suas 'na bhfearaibh, bheadh sibh 'núr seanamhnáibh sara bpósadh sibh. Ná deinidh sin, a chlann ó, aicim oraibh, óir is móide mo bhuairtse an ghuais sin oraibhse, agus tá lámh an Tiarna tar éis gabháil im choinnibh. 14 Ansan d'árdaíodar a nglór agus iad ag gol arís. Thug Orpha póg do mháthair a céile agus chuaigh sí thar n-ais, ach d'fhan Rút ag máthair a céile. 15 Agus duairt Nóemí léi: Féach sin í do shiúr imithe thar n-ais chun a muintire agus chun a déithe¹. Imighse léi. 16 D'fhreagair sise: Ná bí liom, dhá iarraidh go bhfágfainn thu agus go n-imeóinn. Pé áit 'na ngeóbhairse geóbhadsa ann, agus mar a ndéanfair cónaí is ea ' dhéanfadsa cónaí. Is iad do dhaoine mo dhaoine agus 'sé do Dhia mo Dhiase*. 17 An talamh 'na nglacfar thusa ag fáil bháis duit sa talamh chéanna san is ea ' gheóbhadsa bás, agus is ann a curfar me. Go ndeinidh an Tiarna so agus súd liomsa², agus go gcuiridh sé tuilleadh leis, má scarann aon ní me leatsa ach an bás! 18 Ansan, nuair a chonaic Nóemí láncheapaithe í ar dhul léi níorbh áil léi cur 'na coinnibh, ná a iarraidh uirthi a thuilleadh dul thar n-ais chun a muintire. 19 Mar sin do ghluaiseadar le cois a chéile agus thánadar go Betlehem. Agus nuair a bhíodar tagaithe isteach sa

1 Caib. 1. véar. 15. "Chun a déithe." Ní hamhlaidh ba mhian le Nóemí a chómhairliú do Rút dul thar n-ais chun na ndéithe fallsa do bhíodh aici á adhradh roimis sin. Ach is amhlaidh a labhair sí léi ar an gcuma san chun a chur 'na luí ar a haighe dá dtéadh sí léi féin nárbh fholáir di diúltú do sna déithe fallsa agus cloí le Tiarna Dia Israél.

2 Véar. 17. "Go ndeinidh an Tiarna so agus súd liom." Nós dearbhaithe é sin atá gnáthach sa tSeana-Thiomna, lena nguíodh daoine uilc áirithe do thitim orthu mara ndeinidís an rud a gheallaidís a dhéanamh.

chathair do leath an ráfla láithreach i measc na ndaoine: agus deireadh na mná: Sid í an Nóemí úd. 20 Ach deireadh sise leó: Ná bídh ag glaoch Nóemí (.i. an álainn) orm ach glaeidh Mára (.i. searbh) orm, óir tá an Uilechómhachtach tar éis me do líonadh de shearús. 21 Do ghabhas amach agus me lán, agus tá an Tiarna tar éis me ' thabhairt thar n-ais folamh. Cad uime, dá bhrí sin, go mbeadh sibh ag tabhairt Nóemí orm agus an Tiarna tar éis me ' dh'úmhlú, agus an Uilechómhachtach tar éis me ' chrá. 22 Mar sin a tháinig Nóemí agus Rút, bean a mic, an Mhoabíteach, ó thír a sealaióchta, thar n-ais go Betlehem, i dtosach fómhair na heórnan.

Caib. a Dó

Rút ag bailiú diascán i bpáirc Bhoos. Boos fabhrúil di.

1 Ach do bhí ag á fear, ag Elimelech, gaol a bhí cómhachtach, agus ana-shaibhir, agus Boos ab ainm do. 2 Agus duairt Rút, an Mhoabíteach, le máthair a céile: Más áil leat é, raghad isteach sa pháirc agus baileód na diasa arbhair a théann ó lámhaibh na mbuanaithe, pé ball 'na bhfaighead cead ó fhear tís a bheidh fabhrúil dom. Agus d'fhreagair sise: Imigh ort, a 'nín ó. 3 D'imigh sí ansan agus bhí sí ag bailiú na ndiascán i ndiaidh na mbuanaithe. Agus do thárla gurbh é Boos, gaol Elimelech an fear go mba leis an pháirc sin. 4 Agus féach, tháinig sé amach a Betlehem agus duairt sé leis na buanaithibh: An Tiarna libh. Agus d'fhreagadarsan: Go mbeannaídh an Tiarna thu. 5 Agus duairt Boos leis an bhfear a bhí os cionn na mbuanaithe: Cé leis an cailín sin? 6 Agus d'fhreagair seisean: Sin í an Mhoabíteach a tháinig in éineacht le Nóemí ó thír Mhoab, 7 agus d'iarr sí cead na ndiascán a fágfí do bhailiú agus í ag siúl i ndiaidh na mbuanaithe: Agus tá sí sa pháirc ó mhaidin go dtí anois agus níor chuaigh sí abhaile oiread agus aon neómat amháin. 8 Agus duairt Boos le Rút: Éist liom, a 'nín ó. Ná héirigh ag bailiú diascán in aon pháirc eile, agus ná himigh ón áit seo: ach fan ageam chailínibhse, 9 agus lean mar a bhfuil siad ag buaint, mar tá órdú tabhartha agam dom fhearaibh óga gan aon cheataí ' dhéanamh duit agus má bhíonn tart ort éirigh go dtí na hárthaibh agus ól deoch den uisce a dh'ólaid na seirbhísigh.

10 Do chaith sí í féin ar a haghaidh ar an dtalamh ag tabhairt onóra dho agus duairt sí leis: Conas a thárla so dhómhsa, go bhfaighinn fabhar it shúilibh, agus gur deónaitheach leat suím do chur ionam, agus gur bean me ó dhúthaigh iasachta? 11 Agus d'fhreagair sé í: Do hínseadh an scéal go léir dom, gach ní dár dheinis do mháthair do chéile tar éis bháis dot fhear: agus conas mar ' fhágais do mhuíntir agus an tír 'nar rugadh thu, agus a tháinís ag triall ar dhaoine ná raibh aon aithne agat roimis sin orthu. 12 Go gcúitídh an Tiarna do shaothar leat, agus go dtugaidh Tiarna Dia Israél iomláine do thuarastáil duit, ós chuige ' tháinís, agus ós féna sciathánaibh a loirgis díon. 13 Agus duairt sise leis: Tá fabhar fálda agam it shúilibh, a Thiarna, agus tá sólas curtha agat orm, agus tá labhartha agat le croí do chailín, agus nílím mar dhuine ded chailínibh. 14 Agus duairt Boos léi: Nuair a thiocfaidh am an bhídh tarsa i leith agus ith cuid den arán agus túm do mhír sa bhfinéigir. Agus do shuigh sí in aice na mbuanaithe agus do chruach sí chúithi an gráinseachán agus d'ith sí agus do líonadh í, agus thóg sí an fuíollach, 15 agus d'éirigh sí ansan chun na ndiascán do bhailiú mar a bhí aici á dhéanamh roimis sin. Agus thug Boos órdú dá sheirbhísigh agus duairt sé: Dá mba mhaith lei buaint 'núr dteannta ná coiscidh í: 16 agus leogaidh do chuid dúr ndórnánaibh titim uaibh d'aon ghnó, agus fágaidh iad, i dtreo go bhféadfaidh sí iad a bhailiú gan náire, agus ná deineadh éinne casaoid léi nuair a bhaileóidh sí iad.

17 Bhí sí ag bailiú, dá bhrí sin, sa pháirc go dtí tráthnóna. Ansan do bhuail sí le slait agus do scoith sí, an méid a bhí bailithe aici agus fuair sí tímpall tómhais *ephi* d'éorna, 'sé sin trí buiséil; 18 agus thóg sí léi an méid sin isteach sa chathair agus thaispeáin sí do mháthair a céile é. 'Na theannta san tharraig sí amach fuíollach a cod' bídh lenar líonadh í agus thug sí dhi é. 19 Agus duairt máthair a céile léi: Cá rabhais ag bailiú na ndiascán inniu, agus cá rabhais ag obair? Beannacht ar an té atá tar éis trua 'dhéanamh duit. Agus d'inis sí dhi cé aige go raibh sí ag obair, agus d'inis sí dhi ainm an fhir, gur Boos a tugtí air. 20 Agus d'fhreagair Nóemí í: Beannacht ón dTiarna ar an bhfear san, mar,

Leabhar Rút

an cheannsacht chéanna do thaispeáin sé do sna daoibh beó is ea ' chimeádann sé do sna mairbh. Agus duairt sí arís: Is gaol dúinn an fear san. 21 Agus duairt Rút: d'órdaigh sé dhom, leis, fanúint in aice a bhuanaithe féin go dtí go mbeadh an t-arbhar go léir bainte. 22 Agus duairt máthair a céile léi: Is fearra dhuit, a 'nín ó, dul amach chun buana lena chailínibh sin, le heagla, i bpáirc duine eile, go mbeadh duine éigin ag cur id choinnibh. 23 Agus do chimeád sí in aice le cailínibh Bhoos agus bhí sí ag bailiú na ndiascán in éineacht leó go dtí go raibh an chruithneacht go léir agus an eórna go léir curtha isteach in sna sciobólaibh.

Caib. a Trí

Ar chómhairle máthar a céile luíonn Rút ag cosaibh Bhoos, dhá éileamh le pósadh de réir dlí an chónais.

1 Nuair a bhí sí tagaithe thar n-ais ag triall ar mháthair a céile duairt Nóemí léi: A 'nín ó, loirceódsa suaimehneas duit agus féachfad chun do leasa dhuit. 2 An Boos so go rabhais ag obair i dteannta a chailíní sa pháirc, is gaol gairid dúinn é, agus féach, beidh sé ag cáitheadh eórnan anocht ar a úrlár buailte. 3 Nighse thu féin, dá bhrí sin, agus dein thu féin d'úngadh agus cuir umat an t-éadach is fearr agat, agus imigh síos go dtí an t-úrlár buailte, ach ná feiceadh an fear thu go dtí go mbeidh ite agus ólta aige. 4 Agus nuair a raghadh sé chun codlata, tabhair fé ndeara an áit 'na mbeidh sé 'na chodladh: Ansan raghair isteach agus tógfair an t-éadach a bheidh dhá chlúdach, i dtreo a chos, agus luigfir féin síos san áit sin: Agus neósfaidh sé féin duit an ní a bheidh le déanamh agat. 5 D'fhreagair sise: Pé rud a dh'órdóir dom déanfadh é. 6 Agus chuaigh sí síos go dtí an t-úrlár buailte agus dhein sí gach ní dá nduairt máthair a céile léi. 7 Agus nuair a bhí ite agus ólta ag Boos agus ' bhí sé meidhreach, chuaigh sé chun codlata in aice na cruaiche punann, agus tháinig sise go réidh agus do nocht sí a chosa agus do luigh sí. 8 Agus féach, nuair a bhí sé 'na mheán oíche bhí buaireamh agus eagla ar an bhfear: agus chonaic sé an bhean 'na luí ag á chosaibh, agus duairt sé: Cé hé thusa? agus d'fhreagair sí: Mise Rút do chailín. Leath do bhrat ar do sheirbhíseach, óir is gaol gairid tu. 10 Agus duairt sé: Tá beannacht ón dTiarna ort, a 'nín ó, óir tá buaite ageat cheannsacht dheirineach³ ar do chéad cheannsacht, óir ní hi ndiaidh na bhfear óg a chuais, bocht ná saibhir dóibh. 11 Ná bíodh eagal ort, dá bhrí sin, ach pé rud adéarfair liom déanfadh duit é. Mar is eól don uile dhuine de sna daoine atá 'na gcónaí laistigh de gheataibh mo chathrach gur bean mhaith thu. 12 Ní cheilim gur gaol gairid duit me, ach tá duine is giorra gaol duit ná me. 13 Glac do shuaimehneas anocht, agus nuair a thiochfaidh an mhaidean, má ghlacann sé sin thu, le ceart gaoil, tá go maith, ach mara nglacaidh, glacfadsa thu gan amhras, mar is beó an Tiarna! Codail go maidin. 14 Mar sin do chodail sí ag á chosaibh go dtí go raibh an oíche ag imeacht. Ansan d'éirigh sí sara bhféadfadh daoine a chéile ' dh'aithint, agus duairt Boos léi: Seachain agus ná bíodh ' fhios ag éinne go dtáinís anso. 15 Agus duairt sé arís: Leath amach an brat lena bhfuilir clúdaithe agus beir id dhá láimh air. Agus nuair a leath sí amach é agus a bhí greim aici air, do thómhais sé sé tómhasa eórnan agus chuir sé uirthi é agus do rug sí léi é agus d'imigh sí isteach sa chathair, 16 ag triall ar mháthair a céile agus duairt sise léi: Cad 'tá déanta agat, a 'nín ó? Agus d'inis sí dhi gach ní dár dhein an duine lei, 17 agus duairt sí léi: Féach, thug sé sé tómhasa eórnan dom: mar duairt sé: ní leogfad thar n-ais folamh thu ag triall ar mháthair do chéile. 18 Agus duairt Nóemí: Fan leat, a 'nín ó, go bhfeiceam cad é an deireadh ' bheidh ar an scéal. Óir ní stadfaidh an fear san go gcuiridh sé chun cinn a bhfuil ráite aige.

3 Caib. 3. véar. 10. "Ageat cheannsacht dheirineach." 'Sé sin, ceannsacht dot fhear atá tar éis bháis, agus go bhfuilir a d'iarraidh a ainme agus a shleachta do chimeád beó nuair a phósfair a ghaol, de réir na dlí, agus nách ag dul i ndiaidh na bhfear óg ataoi. Is dócha go raibh Boos pas aosta an uair sin.

Caib. a Ceathair

Diúltaíonn an fear ba ghiorra gaol agus pósann Boos Rút, agus beireann sí Obed, seanathair Dháivid.

1 Ansan chuaigh Boos suas go dtí an geata agus shuigh sé ann. Agus nuair a chonaic sé an gaol úd ar ar labhair sé cheana, ag gabháil thairis do ghlaeigh sé ar a ainm air agus duairt sé: Iompaigh i leataoibh go fóill beag, agus suigh anso. D'iompaigh seisean agus shuigh sé. 2 Ansan thóg Boos deichniúr fear de sheanóiríbh na cathrach agus duairt sé leo: suídhse anso. 3 Do shuíodar agus do labhair sé leis an ngaol: Díolfaidh Nóemí, atá tagaithe thar n-ais ó thír Mhoab, cuid den talamh a bhí ag ár ndríotháir Elimelech. 4 Is maith liom go dtuigfása an ní sin, agus is maith liom é ' dh'insint duit os cómhair a bhfuil 'na suí anso agus os cómhair seanóirí mo dhaoine. Más toil leatsa seilbh a ghlacadh ann le ceart gaoil, ceannaigh é agus sealbhaigh é. Ach mara dtaitheann sé leat inis dom san, i dtreo go mbeidh ' fhios agam cad 'tá le déanamh agam óir níl aon ghaol ghairid ann ach tusa atá ar tosach, agus mise atá ar an dtarna fear. Agus d'fhreagair seisean: ceannód an pháirc. 5 Agus duairt Boos leis: Nuair a cheannóir an pháirc a láimh na mná caithfir Rút an Mhoabíteach do thógaint, leis, a bhí 'na mnaoi ag an té atá marbh: chun ainme do ghaoil a chimeád suas in' oidhreacht. 6 D'fhreagair seisean: Tugaim suas mo cheart sínsir gaoil: óir ní féidir dom sliocht mo mhuintire féin do ghearradh amach. Deinse úsáid dem príleídse*. Leogaim leat mo cheart le lán-toil. 7 Ach sa tseanaimsir, seo mar a deintí idir ghaoltaibh in Israél; aon uair a leogfadh duine a cheart le duine eile go mbainfeadh sé dhe a bhróg agus go dtabharfadh sé don duine eile í, mar dheimhniú ar an margadh, finn é ar scarúint le ceart ab ea é sin in Israél. 8 Agus duairt Boos lena ghaol: bain díot do bhróg. Agus bhain sé dá chois í láithreach. 9 Agus duairt sé leis na seanóiríbh agus lena raibh ann: Is finnithe sibh an lá so, go bhfuil a raibh ag Elimelech, agus ag Chelion, agus ag Mahalon, ceannaithe agamsa, a láimh Nóemí 10 agus go bhfuilim tar éis Rút an Mhoabíteach, bean Mhahaloin, do thógaint mar mhnaoi phósta, chun ainme an mhairbh do thógáil in' oidhreacht, i dtreo ná raghadh a ainm ar neamhní i measc a mhuintire agus a bhráthar agus a dhaoine. Sibhse, deirim, finnithe ar an rud san.* 11 Ansan d'fhreagair na daoine go léir a bhí láithreach sa gheata, agus d'fhreagair na seanóirí: Is finnithe: Go ndeindh an Tiarna an bhean so, atá ag teacht isteach id thigh, mar Rachel agus mar Lia, na mná a chuir suas teaghlach Israél: Go raibh sí 'na sampla dea-bhéas in Ephrata⁴ agus gura mór a bheidh cáil a hainme i mBetlehem. 12 Agus go raibh do thigh mar thigh Phares, an mac a rug Tamar do Iúda, de bhárr an tsleachta a thabharfaidh an Tiarna dhuit ón mnaoi óig seo.

13 Ansan do thóg Boos Rút agus do phós sé í; agus chuaigh sé isteach chúithi agus thug an Tiarna dhi gur ghoibh sí gein agus gur rug sí mac. 14 Agus duairt na mná le Nóemí: Moladh leis an dTiarna nár leog do theaghlach a bheith gan cómhara, i dtreo go mbeadh a ainm dá ghlaoch in Israél, 15 Agus go mbeadh agat duine chun sólais do chur ort i ndeireadh do shaeil. Óir do rugadh é ó mhnaoi do mhic go bhfuil grá aici dhuit; agus is fearra dhuitse é go mór ná dá mbeadh mórsheisear mac agat.

16 Agus thóg Nóemí an leanbh agus chuir sí na hucht chúithi é, agus bhíodh sí dhá iompar agus bhíodh sí 'na buime dho. 17 Agus bhíodh mná a gcómharsan ag cómhgháirdeachas léi agus deiridís: Tá mac bertha do Nóemí: agus thugadar Obed mar ainm air. Is é athair Isai é, athair Dháivid.

4 Caib. 4. véar. 11. "Ephrata," ainm eile ar Bhetlehem an ainm sin.

Leabhar Rút

18 Sid iad ginealacha Phares. Do ghein Phares Ebron. 19 Do ghein Ebron Aram. Do dhein Aram Aminadab. 20 Do ghein Aminadab Nahason. Do ghein Nahason Salmon. 21 Do ghein Salmon Boos. Do ghein Boos Obed. 22 Do ghein Obed Isai. Do ghein Isai Dáivid.

Nótaí

Rút

- 1 The clause *agus bean oirirc ab ea í san eaglais Ghínteach* is apparently crossed out in the original manuscript (although it is not clear by whom), but is required to translate part of the introduction to Ruth given in the Douay Bible.
- 1 *Elimelech*: the final *h* has been crossed out by another hand in each instance in the original manuscript. This approach is rejected here, as it would require extensive changes elsewhere in PUL's Bible.
- 1 *'Sé do Dhia mo Dhiase*: this sentence illustrates the fact that the copula does not always point to the predicate in identification sentences. Gerald O'Nolan shows that, in addition to VpPS sentences (where *V* is the verb, *p* the subpredicate pronoun, *P* the predicate and *S* the subject), there are also VpSP sentences. Such sentences are more emphatic, and pronounced 'sé [pause] *do Dhia* [pause] *mo Dhiase*. See O'Nolan's *Studies in Modern Irish: Part 1* (pp27, 28) and *Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* (p211).
- 4 *Dem príléidse*: this illustrates delenition across a homorganic labial word boundary.
- 4 The sentence *Sibhse, deirim, fínnithe ar an rud san* is added by another hand to repair an omission in the translation. The insertion, possibly by Risteárd Pléimeann, gives the plural as *fínnéithe*, but this contrasts with the *fínnithe* form found in the next sentence of the translation, which form is used throughout PUL's works. Hence, the form is here adjusted to *fínnithe*.